Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**9875/26**

**COMPET 650**
**IND 378**
**MI 556**
**BETREG 11**
**DIGIT 149**
**ECOFIN 701**
**EDUC 188**
**ENER 297**
**ENV 590**
**POLCOM 203**
**RECH 250**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Bealtaine 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 252 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an dul chun cinn atá déanta i dtreo na sprice ar fud an Aontais i ndáil leis an acmhainneacht instealltа $CO_2$ a bhaint amach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 252 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 252 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.5.2026
COM(2026) 252 final

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

## maidir leis an dul chun cinn atá déanta i dtreo na sprice ar fud an Aontais i ndáil leis an acmhainneacht insteallta CO2 a bhaint amach

GA GA

## Clár


1 Cuspóir na tuarascála seo ..... 2

2 Cúlra ..... 3

3 Forbhreathnú ar an éileamh agus ar an soláthar bunaithe ar mheastacháin na mBallstát ..... 6

3.1 Pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide ..... 6

3.2 Tuarascálacha 2024 na mBallstát faoi Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2024/1735 ..... 7

3.3 Trédhearcacht sonraí maidir le hacmhainneacht stórála faoi Airteagal 21(1) ..... 12

4 Forbhreathnú ar na tionscadail stórála $CO_2$ atá beartaithe ..... 14

4.1 Rannchuidiú faoi phleananna na 44 eintiteas faoi oibleagáid ..... 14

4.2 Forbhreathnú ar cheadanna agus ar dhréachtcheadanna stórála atá ann cheana ..... 18

4.3 Tionscadail stórála an Aontais a aithnítear mar thionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta 22

5 Tacaíocht faoi chláir chistiúcháin an Aontais agus faoi chláir chistiúcháin náisiúnta ..... 23

5.1 Ranníocaíocht an Chiste don Nuálaíocht ..... 23

5.2 Ranníocaíocht na Saoráide um Chónascadh na hEorpa le haghaidh Fuinnimh ..... 25

5.3 Ranníocaíocht na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta ..... 25

5.4 Ranníocaíocht an chláir Fís Eorpach ..... 25

5.5 Ranníocaíocht ó na Ballstáit ..... 25

6 Staid na himeartha in 2025 agus na chéad chéimeanna eile ..... 27

7 Conclúid ..... 29

# 1 CUSPÓIR NA TUARASCÁLA SEO

Is é is cuspóir don tuarascáil seo faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo acmhainneacht insteallta $CO_2$ an Aontais Eorpaigh (AE) dá dtagraítear in Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú.

Tá an tuarascáil bunaithe ar an méid seo a leanas:

- tuarascálacha bliantúla 2024 na mBallstát a cuireadh isteach de bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2024/1735[1,2]; agus
- pleananna 2025 a chuir na 44 eintiteas faoi oibleagáid isteach de bhun Airteagal 23(4) de Rialachán (AE) 2024/1735.

Cuirtear san áireamh leis an tuarascáil seo freisin faisnéis bhreise a chuireann leis an tuiscint ar mhargadh na seirbhísí stórála geolaíche $CO_2$ atá ag teacht chun cinn san Aontas, is iad sin:

- na Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide a tugadh cothrom le dáta le déanaí[3];
- an t-éileamh ón tionscal ar chistiú ón Aontas[4];
- na dréachtcheadanna stórála, a chuir na Ballstáit isteach faoi Airteagal 10 de Threoir 2009/31/CE[5], agus
- cur chun feidhme a n-oibleagáidí in Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2024/1735 ag na Ballstáit: (i) sonraí a chur ar fáil go poiblí maidir leis na limistéir uile ina bhféadfaí láithreáin stórála $CO_2$ a cheadú ar a gcríoch; agus (ii) sonraí geolaíocha a bhaineann le láithreáin táirgthe hidreacarbóin a díchoimisiúnaíodh nó ar tugadh fógra faoina dhíchoimisiúnú don údarás inniúil a chur ar fáil go poiblí ar bhonn neamhthuilleamaí.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, áfach, nach bhfuil sa mheasúnú sa tuarascáil seo ach léargas bunaithe ar an tuairisciú a sholáthair na Ballstáit agus eintitis faoi oibleagáid, atá neamhiomlán. Tiocfaidh léargas níos cuimsithí chun cinn le himeacht ama de réir mar a dhéanfar aighneachtaí breise sa tréimhse roimh 2030.

---

[1] Ní áirítear leis an tuarascáil seo tuarascálacha bliantúla 2025 na mBallstát, a bhí le cur isteach faoin 31 Nollaig 2025.

[2] Suíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh; Tuarascálacha na mBallstát faoi Airteagal 21 den Rialachán maidir leis an Tionscal Glan-nialasachta.

[3] Suíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh; Pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide.

[4] Tá tionscadail gabhála agus stórála carbóin incháilithe do thacaíocht faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, faoin gclár Fís Eorpach, faoin gCiste don Nuálaíocht, faoin gclár LIFE, faoin gCiste don Nuachóiriú agus faoin Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip.

[5] Treoir 2009/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le stóráil gheolaíoch dé-ocsaíde carbóin agus lena leasaítear Treoir 85/337/CEE ón gComhairle, Treoracha 2000/60/CE, 2001/80/CE, 2004/35/CE, 2006/12/CE, 2008/1/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 (IO L 140, 5.6.2009, lch. 114, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/31/oj).

## 2 CÚLRA

Tá gabháil agus stóráil carbóin (GSC) ar cheann de na príomhtheicneolaíochtaí dícharbónaithe atá ar fáil do thionscail san Aontas a bhfuil astaíochtaí is deacair a laghdú acu. Leis an Teachtaireacht ‘I dtreo Bainistiú Carbóin Tionsclaíoch uaillmhianach don Aontas Eorpach’, athdhearbhaíodh an príomhról atá ag bainistiú carbóin thionsclaíoch maidir le hastaíochtaí is deacair a laghdú a mhaolú agus astaíochtaí diúltacha a bhaint amach. Tugadh tuairisc leis an Teachtaireacht freisin ar an ngá atá le creat cuimsitheach beartais agus infheistíochta de chuid an Aontais le haghaidh gach gné de bhainistiú carbóin thionsclaíoch agus leagtar amach léi fís maidir le margadh aonair le haghaidh seirbhísí iompair agus stórála $CO_2$ ar fud na hEorpa faoi 2030[6].

Le tuarascáil Draghi maidir le hiomaíochas an Aontais, cuireadh i dtábhacht a thábhachtaí atá cur chuige atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de i leith an dícharbónaithe, cuireadh in iúl go bhfuil gá le hinfheistíochtaí móra poiblí agus príobháideacha, agus moladh bearta luasghéaraithe agus rialáil éigeandála a leathnú le haghaidh bonneagar GSC[7].

Leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, cuireadh gníomhaíochtaí coincréiteacha chun cinn chun an dícharbónú a dhéanamh ina spreagadh fáis do thionscail na hEorpa agus leagtar amach leis bearta nua chun tacú le margadh a chruthú le haghaidh $CO_2$ gafa, lena n-áirítear lipéid dheonacha maidir le déine carbóin táirgí tionsclaíocha.

Tá an tAontas ar thús cadhnaíochta maidir le teicneolaíochtaí gabhála $CO_2$ agus maidir le cistiú taighde, forbartha agus nuálaíochta GSC araon. Ina theannta sin, tá an phríomhchuideachta ar domhan in aireagáin ardluacha bainistithe carbóin thionsclaíoch lonnaithe san Aontas[8,9]. Trí theicneolaíochtaí gabhála, iompair, stórála agus úsáide $CO_2$ san Aontas a aithint mar theicneolaíochtaí glan-nialasachta[10], tacófar le cur in úsáid slabhraí luacha comhtháite GSC agus cuideofar le treisiú na ceannaireachta tionsclaíche sin.

Tá creat rialála láidir á fhorbairt chun tacú le cur in úsáid GSC san Aontas. Le Treoir 2009/31/CE, bunaítear creat dlíthiúil maidir le stóráil shábháilte gheolaíoch $CO_2$. Le Rialachán (AE) 2024/1735, bunaítear sprioc bhliantúil an Aontais maidir le hacmhainneacht insteallta 50 milliún tona $CO_2$ ar a laghad atá le baint amach faoi 2030 i láithreáin stórála, socraítear rannchuidithe aonair le sprioc bhliantúil an Aontais maidir le hacmhainneacht insteallta, bunaithe ar sciar na n-eintiteas i dtáirgeadh amhola agus gáis nádúrtha an Aontais ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2023, agus

---

[6] Teachtaireacht ‘I dtreo Bainistiú Carbóin Tionsclaíoch uaillmhianach don Aontas Eorpach’ – COM(2024) 62 final.
[7] Todhchaí iomaíochas na hEorpa – Meán Fómhair 2024.
[8] An Fhaireachlann um Theicneolaíocht Fuinnimh Ghlain: Gabháil, Úsáid agus Stóráil Carbóin san Aontas Eorpach – Tuarascáil Stádais 2024 maidir le Forbairt Teicneolaíochta, Treochtaí, Slabhraí Luacha agus Margaí – Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh.
[9] Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin – Measúnú ar riachtanais infheistíochta agus infhaighteachtaí cistiúcháin chun acmhainneacht mhonaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta an Aontais a neartú – SWD(2023) 68 final.
[10] Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2024/1735.

cuirtear dlús le nósanna imeachta riaracháin, ceadaithe agus dlíthiúla do thionscadail GSC a rannchuidíonn le sprioc bhliantúil an Aontais agus éascaítear na nósanna imeachta sin[11].

Le samhaltú an mheasúnaithe tionchair ar sprioc aeráide 2040 an Aontais, ionchorpraítear sprioc bhliantúil an Aontais maidir le hacmhainneacht insteallta agus meastar gur gá thart ar 200 milliún tona in aghaidh na bliana de $CO_2$ gafa a stóráil faoi thalamh faoi 2040[12]. Ba cheart do sprioc bhliantúil an Aontais maidir le hacmhainneacht insteallta rannchuidiú le cuspóir ceangailteach an Aontais maidir le haeráidneodracht faoi 2050[13,14].

Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1477 ón gCoimisiún, sonraítear na rialacha maidir le sainaithint na dtáirgeoirí údaraithe ola agus gáis a gceanglaítear orthu rannchuidiú le sprioc bhliantúil an Aontais maidir le hacmhainneacht insteallta[15]. Liostaítear le Cinneadh (AE) 2025/1479 ón gCoimisiún rannchuidithe aonair na 44 tháirgeoir údaraithe ola agus gáis nach mór dóibh rannchuidiú leis an sprioc[16].

Tá margadh seirbhísí stórála $CO_2$ an Aontais nuaghinte ach tá sé ag fás go mear. Meastar go dtiocfaidh an tsaoráid Porthos i bhfeidhm in 2026 san Ísiltír agus go mbeidh 2,5 milliún tona d'acmhainneacht insteallta $CO_2$ aici in aghaidh na bliana. Meastar freisin go dtiocfaidh an tsaoráid Greensand i bhfeidhm in 2026 agus go mbeidh acmhainneacht insteallta tosaigh 0,3 milliún tona $CO_2$ in aghaidh na bliana aici. Tá thart ar 25 000 tona $CO_2$ in aghaidh na bliana á instealladh cheana féin ag tionscadal Ravenna CCS, atá lonnaithe san Iodáil, ó bhí 2024 ann ar scála píolótach agus tá sé beartaithe aige dul i mbun oibríocht tráchtála faoi 2030. Sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, thosaigh dhá láithreán stórála atá lonnaithe san Íoslainn agus san Iorua ar $CO_2$ a instealladh ó fhoinsí tionsclaíocha ar scála tráchtála in 2025[17].

---

[11] Airteagail 20 agus 23, agus Roinn III de Chaibidil II de Rialachán (AE) 2024/1735.

[12] Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair, Cuid 1 a ghabhann leis an doiciméad Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún. Ár dtodhchaí a dhaingniú. Sprioc aeráide 2040 na hEorpa agus an chonair chun na haeráidneodrachta faoi 2050 lena dtógfar sochaí inbhuanaithe, chóir agus rathúil (SWD/2024/63 final). Tábla 6: Gabháil agus úsáid carbóin thionsclaíoch.

[13] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún Ár dtodhchaí a dhaingniú. Sprioc aeráide 2040 na hEorpa agus an chonair chun na haeráidneodrachta faoi 2050 lena dtógfar sochaí inbhuanaithe, chóir agus rathúil {COM(2024) 63 final} - {SEC(2024) 64 final} - {SWD(2024) 64 final}.

[14] Airteagal 1 de Rialachán(AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach').

[15] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1477 ón gCoimisiún an 21 Bealtaine 2025 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na rialacha a shonrú maidir le táirgeoirí údaraithe ola agus gáis a shainaithint a gceanglaítear orthu rannchuidiú leis an gcuspóir sprioc an Aontais maidir leis an acmhainneacht insteallta $CO_2$ atá ar fáil a bhaint amach faoi 2030, maidir lena rannchuidithe faoi seach a ríomh, agus maidir lena n-oibleagáidí tuairiscithe.

[16] Cinneadh (AE) 2025/1479 ón gCoimisiún an 22 Bealtaine 2025 lena sonraítear na rannchuidithe pro rata le cuspóir an Aontais maidir leis an acmhainneacht insteallta $CO_2$ faoi 2030 ó eintitis a bhfuil údarú acu mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe 3, de Threoir 94/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

[17] Tháinig na saoráidí Silverstone agus Northern Lights, atá lonnaithe san Íoslainn agus san Iorua faoi seach, i bhfeidhm agus thosaigh siad ag instealladh in 2025.

Tá an tAontas ag tacú freisin le láithreáin stórála a fhorbairt trí roinnt ionstraimí cistiúcháin de chuid an Aontais, lena n-áirítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, Fís Eorpach, an Ciste don Nuálaíocht agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

# 3 FORBHREATHNÚ AR AN ÉILEAMH AGUS AR AN SOLÁTHAR BUNAITHE AR MHEASTACHÁIN NA mBALLSTÁT

## 3.1 Pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide

Le PNFAnna, ceanglaítear ar na Ballstáit na beartais a chuirfear chun feidhme chun spriocanna aeráide agus fuinnimh 2030 a bhaint amach a phoibliú. In 2022, mhol an Coimisiún do na Ballstáit stóráil gheolaíoch fhadtéarmach $CO_2$ agus na hiarrachtaí atá beartaithe chun é a chur ar a gcumas dá dtionscail a n-astaíochtaí próisis bunúsacha a ghabháil agus a stóráil go buan i láithreáin stórála gheolaíocha, i gcomhréir le Treoir 2009/31/CE, a chomhtháthú ina PNFAnna cothrom le dáta[18]. Moladh do na Ballstáit an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar:


- réamh-mheastachán comhiomlánaithe bliantúil na n-astaíochtaí próisis bunúsacha nach mór a laghdú trí ghabháil $CO_2$;
- an $CO_2$ bliantúil bithghineach agus an $CO_2$ díreach ón aer a bheidh ar fáil le haghaidh stóráil gheolaíoch $CO_2$;
- an acmhainneacht stórála geolaíche $CO_2$ is féidir a chur ar fáil go hoibríochtúil gach bliain;
- acmhainneacht stórála $CO_2$ bhliantúil a d'fhéadfadh a bheith ar fáil nuair a bheidh deireadh le saothrú taiscumar hidreacarbóin;
- bonneagar iompair $CO_2$ atá beartaithe;
- tacaíocht chistiúcháin phoiblí atá ar fáil le haghaidh infheistíocht i ngabháil, iompar agus stóráil $CO_2$; agus
- aon bheart eile chun tacú le deiseanna stórála geolaíche fadtéarmaí $CO_2$ a chur in úsáid.

Áirítear leis na PNFAnna athbhreithnithe le haghaidh na tréimhse 2021-2030 faisnéis maidir le cur in úsáid beartaithe GSC i ngach Ballstát[19]. Léirítear leis an anailís a rinne an Coimisiún ar na PNFAnna athbhreithnithe go bhféadfaí 35 mhilliún tona $CO_2$ san iomlán a ghabháil gach bliain san Aontas faoi 2030 lena stóráil go buan. Léirítear leis na figiúirí a sholáthraítear faoi PNFAnna freisin go bhféadfaí 27,1 milliún tona $CO_2$ a instealladh gach bliain i láithreáin stórála atá lonnaithe san Aontas faoi 2030. Tugtar le fios leis sin go mbeidh éileamh mór ón tionscal ar láithreáin stórála sna blianta amach romhainn. Tá coinne ag an gCoimisiún freisin go gcuirfidh na Ballstáit líon méadaitheach dréachtcheadanna stórála isteach faoi Airteagal 10 de Threoir 2009/31/CE sna blianta amach romhainn.

[18] Fógra ón gCoimisiún maidir le Treoir do na Ballstáit i ndáil le pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide 2021-2030 a nuashonrú (2022/C 495/02).

[19] Ón lá atá inniu ann, níl PNFA cothrom le dáta curtha isteach ag an bPolainn go fóill.

*Fíor 1 – Toirteanna measta gabhála agus insteallta $CO_2$ san Aontas faoi na pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide (milliún tona in aghaidh na bliana)*




### 3.2 Tuarascálacha 2024 na mBallstát faoi Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2024/1735

Sa bhreis ar na PNFAnna, le hAirteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2024/1735, ceanglaítear ar na Ballstáit tuarascáil a chur faoi bhráid an Choimisiúin gach bliain ina dtugtar tuairisc ar an méid seo a leanas:

- mapáil ar thionscadail gabhála $CO_2$ atá idir lámha ar a chríoch nó i gcomhar le Ballstáit eile agus meastachán ar na riachtanais chomhfhreagracha maidir le hacmhainneachtaí insteallta agus stórála, agus iompar $CO_2$;
- mapáil ar thionscadail iompair $CO_2$ agus stórála $CO_2$ atá ar siúl ar a chríoch, lena n-áirítear stádas an cheadaithe faoi Threoir 2009/31/CE, dátaí a bhfuil coinne le Cinneadh Críochnaitheach Infheistíochta agus le teacht i ngníomh;
- na bearta tacaíochta náisiúnta a glacadh nó a ghlacfar chun tionscadail a spreagadh, chomh maith le bearta a bhaineann le hiompar trasteorann $CO_2$;
- an straitéis agus na spriocanna náisiúnta a socraíodh agus a shocrófar chun $CO_2$ a ghabháil faoi 2030, i gcás inarb infheidhme;
- comhar déthaobhach agus réigiúnach lena n-éascaítear iompar trasteorann $CO_2$, lena n-áirítear na himpleachtaí maidir le rochtain na n-eintiteas a ghabhann $CO_2$ ar mhodh sábháilte neamh-idirdhealaitheach chun $CO_2$ a iompar; agus
- tionscadail iompair $CO_2$ atá ar siúl agus meastachán ar acmhainneacht riachtanach na dtionscadal iompair $CO_2$ a bheidh ann amach anseo chun an acmhainneacht ghabhála agus stórála chomhfhreagrach a mheaitseáil.

Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 21(3) de Rialachán (AE) 2024/1735, má léirítear le tuarascáil Ballstáit nach bhfuil aon tionscadal stórála $CO_2$ ar siúl ar a gcríoch, nach mór don

Bhallstát sin tuairisciú ar phleananna chun dícharbónú na n-earnálacha tionsclaíocha a éascú. Áirítear leis sin, más infheidhme, iompar trasteorann $CO_2$ chuig láithreáin stórála atá lonnaithe i mBallstáit eile, chomh maith le tionscadail úsáide $CO_2$. Tá tuarascálacha 2024 le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin[20].

Cé nár thuairiscigh roinnt Ballstát méid stórála ná acmhainneacht insteallta ag deireadh 2024, soláthraítear léiriú le Tábla 1 ar an líon tionscadal stórála atá á bhforbairt san Aontas agus ar a rannchuidiú féideartha le hacmhainneacht insteallta an Aontais. Déantar idirdhealú le Tábla 1 idir an 'méid stórála', arb é atá ann an acmhainneacht stórála $CO_2$ iomlán mheasta atá ag láithreán stórála ar leith, agus an 'acmhainneacht insteallta', arb é atá ann an méid bliantúil $CO_2$ is féidir a instealladh i láithreán stórála geolaíoch oibríochtúil a cheadaítear faoi Threoir 2009/31/CE. Nuair nár thuairiscigh na Ballstáit ach ainmneacha na dtionscadal stórála, tá figiúirí comhfhreagracha stórála agus insteallta curtha isteach ag an gCoimisiún. Ní chumhdaítear le Tábla 1 acmhainneacht stórála geolaíche na mBallstát agus dírítear leis ar thionscadail a d'aithin agus a thuairiscigh na Ballstáit.

[20] Suíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh; Bainistíocht Carbóin Thionsclaíoch; Sprioc stórála carbóin 2030 an Aontais.

*Tábla 1 – Achoimre ar thionscadail stórála $CO_2$ ag a bhfuil amlíne 2030, ó 2024 ar aghaidh.*

| Ballstáit | An líon tionscadal | Méid stórála iomlán measta (milliún tona $CO_2$) | Acmhainneacht insteallta mheasta (milliún tona $CO_2$ in aghaidh na bliana) |
|---|---|---|---|
| **Thuairiscigh 5 Bhallstát figiúirí stórála** | **6** | **>980** | |
| an Danmhairg | 1 | 250> | |
| an Ungáir | 1 | 7.5 | |
| an Iodáil | 1 | 500 | |
| an Rómáin | 1 | 10 | |
| An Ísiltír | 2 | 212.5 | |
| **Thuairiscigh 6 Bhallstát figiúirí insteallta**[21] | **15** | | **33.12** |
| an Bhulgáir | 1 | | 0.78 |
| an Chróit | 1 | | 0.74 |
| an Danmhairg | 4 | | 11,5[22] |
| an Fhrainc | 2 | | - |
| an Ghréig | 1 | | 3 |
| an Ungáir | 1 | | 0.5 |
| an Iodáil | 1 | | 4 |
| an Rómáin | 1 | | 0.6 |
| an Spáinn | 1 | | 2 |
| An Ísiltír | 2 | | 10 |

Léirítear le Tábla 1, ag deireadh 2024, gur cheart acmhainneacht stórála iomlán thart ar 1 ghigeathona a bheith ar fáil faoi 2030 trí thionscadail éagsúla atá lonnaithe san Aontas. D'fhéadfadh acmhainneacht insteallta bhliantúil 33,12 milliún tona $CO_2$ a bhaint amach in aghaidh

[21] Níor thuairiscigh roinnt Ballstát figiúirí insteallta go díreach. Nuair a luadh tionscadail shonracha, cuireadh figiúirí atá ar eolas maidir le hacmhainneacht insteallta leis.
[22] Níor thuairiscigh an Danmhairg figiúirí maidir le hacmhainneacht insteallta agus sholáthair sí naisc chuig na tionscadail stórála $CO_2$ seo a leanas: Greensand, Ruby, Greenstore agus Bifrost.

na bliana. Meastar faoi láthair gurb iad an Danmhairg agus an Ísiltír an dá Bhallstát a mbeidh an acmhainneacht insteallta is airde acu faoi 2030, agus an Iodáil agus an Ghréig ina dhiaidh sin.

Déantar achoimre le Tábla 2 ar na figiúirí gabhála iomlána a thuairiscigh na Ballstáit agus soláthraítear léiriú úsáideach ar an éileamh atá le teacht ar acmhainneacht insteallta.

*Tábla 2 – Achoimre ar thionscadail gabhála $CO_2$ ag a bhfuil amlíne stórála 2030, ó 2024 ar aghaidh.*

| Ballstáit | Acmhainneacht ghabhála mheasta in aghaidh na bliana (milliún tona $CO_2$ in aghaidh na bliana) |
|---|---|
| **Thuairiscigh 7 mBallstát figiúirí gabhála** | **20,4 – 20,7** |
| an Bhulgáir | 0.78 |
| an Fhrainc | 1.4 |
| an Ghearmáin | 5.72 |
| an Ghréig | 3.25 |
| an Rómáin | 1.8 |
| an tSualainn | 3.965 |
| An Ísiltír | 3,5 – 3,8 |

Faoi dheireadh 2024, mheas na Ballstáit go bhféadfadh thart ar 21 mhilliún tona in aghaidh na bliana a bheith i gceist le hacmhainneacht gabhála $CO_2$ faoi 2030. Tá an figiúr comhiomlánaithe sin níos ísle ná an figiúr comhiomlánaithe ó PNFAnna athbhreithnithe, rud a d'fhéadfadh a bheith mar gheall ar fhigiúirí gabhála atá in easnamh ó roinnt tuarascálacha Airteagal 21. Má ghlactar le meastacháin ábhartha PNFA le haghaidh na bhfigiúirí sin atá in easnamh, d'fhéadfadh figiúirí gabhála measta iomlána an Aontais ó na Ballstáit a bheith os cionn 32 mhilliún tona in aghaidh na bliana.

Léirítear leis an meastachán coigeartaithe sin, as cuspóir an Aontais de 50 milliún tona in aghaidh na bliana i dtéarmaí acmhainneacht insteallta, go bhféadfaí 64 % de a úsáid i dtionscadail atá ar eolas ag na Ballstáit má chuirtear bonneagar iompair ar fáil. Ag deireadh 2025, bhí ar na Ballstáit a meastacháin a thabhairt cothrom le dáta, rud a chuirfear san áireamh sa chéad tuarascáil eile ar dhul chun cinn ón gCoimisiún.

### 3.3 Trédhearcacht sonraí maidir le hacmhainneacht stórála faoi Airteagal 21(1)

Ceanglaítear le hAirteagal 21(1)(a) de Rialachán (AE) 2024/1735 go raibh ar na Ballstáit, faoin 30 Nollaig 2024, sonraí a chur ar fáil go poiblí maidir leis na limistéir uile ina bhféadfaí láithreáin stórála $CO_2$ a cheadú ar a gcríoch, gan dochar do cheanglais maidir le faisnéis rúnda a chosaint. Leis na sonraí sin, cuirtear é ar a gcumas d'infheisteoirí a chinneadh cá háit a bhfiosróidh siad láithreáin stórála $CO_2$ féideartha san Aontas.

Ceanglaítear freisin le hAirteagal 21(1)(b) de Rialachán (AE) 2024/1735 go raibh ar na Ballstáit, faoin 30 Nollaig 2024, oibleagáid a chur ar eintitis a bhfuil nó a raibh údarú acu ola agus gás a thaiscéaladh, a chuardach nó a tháirgeadh ar a gcríoch, an méid seo a leanas a chur ar fáil go poiblí ar bhonn neamhthuilleamaí: (i) sonraí geolaíocha a bhaineann le láithreáin táirgthe a díchoimisiúnaíodh nó ar tugadh fógra don údarás inniúil faoina ndíchoimisiúnú; agus (ii) má tá siad ar fáil, agus mura ndearna an t-eintiteas iarratas ar chead taiscéalaíochta, measúnuithe eacnamaíocha ar na costais ábhartha a bhaineann le hinstealladh $CO_2$ a chumasú. B'éigean a áireamh leis na measúnuithe eacnamaíocha sin sonraí maidir le hoiriúnacht an láithreáin chun $CO_2$ a instealladh agus a stóráil ar bhealach inbhuanaithe, sábháilte agus buan, agus maidir le hinfhaighteacht bonneagair agus modhanna iompair atá oiriúnach chun $CO_2$ a iompar go sábháilte chun an láithreán a bhaint amach, nó an gá atá leis an mbonneagar agus na modhanna iompair sin.

Ba mheasctha é cur chun feidhme Airteagal 21(1)(a) agus Airteagal 21(1)(b) de Rialachán (AE) 2024/1735.

Ar an gcéad dul síos, faoin 30 Nollaig 2024, i gcomhréir le hAirteagal 21(1)(a), shonraigh naoi mBallstát conas a chuireann siad sonraí ar fáil go poiblí maidir leis na limistéir ina bhféadfaí láithreáin stórála $CO_2$ a cheadú[23]. Ar an dara dul síos, níl sonraí geolaíocha ar fáil go poiblí ná inrochtana ach i gcúig Bhallstát[24]. Ar an tríú dul síos, níor léirigh ach trí Bhallstát[25] go bhfuil creat dlíthiúil acu lena gcuirtear d'oibleagáid ar chuideachtaí údaraithe ola agus gáis sonraí geolaíocha ábhartha a fhoilsiú mar a cheanglaítear faoi Airteagal 21(1)(b). Ní raibh an Coimisiún in ann comhlíontacht 13 Bhallstát a fhíorú mar gheall ar fhógraí a bheith in easnamh a mhéid a bhaineann le hAirteagal 21(1)[26].

Thuairiscigh sé Bhallstát[27] go bhfuil forbairt an chreata dhlíthiúil sin idir lámha agus léiríonn siad, go dtí seo, go bhfuil a rialacha náisiúnta maidir le foilsiú sainordaitheach faisnéise ábhartha fós neamhiomlán nó go bhfuil roinnt bearnaí fós ann i bhforálacha atá ann cheana chun Airteagal 21(1)(b) a chur i bhfeidhm. Tá fianaise theoranta soláthartha ag cúig Bhallstát maidir le creat dlíthiúil a bheith ann lena bhforfheidhmítear Airteagal 21(1)(b), ina bhfuil sonraí in easnamh

[23] An Bheilg (réigiún Fhlóndras), an Danmhairg, an Fhrainc, an Ísiltír, an Ungáir, an Iodáil, an Pholainn, an tSualainn agus an Rómáin.
[24] An Danmhairg, an Fhrainc, an Ungáir, an Spáinn agus an Ísiltír.
[25] An Danmhairg, an Ghearmáin agus an Iodáil.
[26] An Bhulgáir, an tSeicia, an Eastóin, an Fhionlainn, an Ghearmáin, an Ghréig, Éire, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an tSlóivéin agus an tSlóvaic.
[27] An Bheilg, an Fhrainc, an Laitvia, an Pholainn, an Phortaingéil agus an Ísiltír.

faoi cheanglais shainordaitheacha maidir le soláthar poiblí[28]. I gcás 12 Bhallstát[29], níl aon chreat dlíthiúil ann lena sainordaítear soláthar poiblí sonraí geolaíocha.

Dá bhrí sin, iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit ábhartha a n-oibleagáidí faoi Airteagal 21(1) a chomhlíonadh agus fógra a thabhairt don Choimisiún faoin bhfaisnéis ábhartha a luaithe is féidir. Tá atlas infheistíochta Eorpach de láithreáin stórála $CO_2$ féideartha á sheoladh ag an gCoimisiún in 2026. Beidh an t-atlas sin ag brath, i measc nithe eile, ar shonraí a sholáthraíonn na Ballstáit agus eintitis faoi oibleagáid faoi Airteagal 21.

[28] An tSeicia, an Eastóin, an Fhionlainn, an Ghréig agus an Liotuáin.
[29] An Ostair, an Bhulgáir, an Chróit, an Ungáir, Éire, Lucsamburg, Málta, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Spáinn agus an tSualainn.

# 4 FORBHREATHNÚ AR NA TIONSCADAIL STÓRÁLA $CO_2$ ATÁ BEARTAITHE

## 4.1 Rannchuidiú faoi phleananna na 44 eintiteas faoi oibleagáid

Le Rialachán (AE) 2024/1735, ceanglaítear ar na 44 eintiteas faoi oibleagáid rannchuidiú le sprioc bhliantúil an Aontais maidir le hacmhainneacht insteallta 50 milliún tona chun a áirithiú go mbeidh '*GSC mar réiteach aeráide ar fáil sula dtiocfaidh an t-éileamh*'[30]. Le hAirteagal 3(28) de Rialachán (AE) 2024/1735, is é an sainmhíniú atá ar 'acmhainneacht insteallta $CO_2$' an méid bliantúil $CO_2$ is féidir a instealladh i láithreán stórála geolaíoch oibríochtúil. Foráiltear le hAirteagal 23(1) gurb é a bheidh sa rannchuidiú acmhainneachta insteallta acmhainneacht insteallta $CO_2$ i láithreán stórála a cheadaítear i gcomhréir le Treoir 2009/31/CE agus a chuirtear ar fáil don mhargadh faoi 2030.

Faoi dheireadh 2030 ar a dhéanaí, ní mór d'eintitis faoi oibleagáid a rannchuidiú leis an sprioc uile-Aontais maidir le hacmhainneacht insteallta $CO_2$ a léiriú trína thuairisciú don Choimisiún agus don phobal gur bronnadh cead stórála $CO_2$ orthu i gcomhréir le Treoir 2009/31/CE san Aontas lena gceadaítear na méideanna ábhartha $CO_2$ gafa a instealladh ar feadh 5 bliana ar a laghad, mar a shainítear in Airteagal 20(2) de Rialachán (AE) 2024/1735. Ní mór do na heintitis a léiriú freisin go bhfuil an acmhainneacht insteallta $CO_2$ sin ar fáil don mhargadh, rud is féidir a dhéanamh trí thuairisciú a dhéanamh ar chomhaontú seirbhíse stórála amháin ar a laghad le hastaíre ar mian leis an acmhainneacht a úsáid. Is féidir aon rannchuidiú den sórt sin a fhorbairt, ina aonar, i gcomhar nó trí chomhaontuithe le forbróirí stórála nach bhfuil faoi oibleagáid, i gcomhréir le hAirteagal 23(5) de Rialachán (AE) 2024/1735.

Le hAirteagal 23(4) de Rialachán (AE) 2024/1735, ceanglaítear ar na 44 eintiteas faoi oibleagáid plean a chur isteach faoin 30 Meitheamh 2025 chun sonrú mionsonraithe a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil sé beartaithe acu a rannchuidiú le hacmhainneacht insteallta bhliantúil an Aontais a

[30] Aithris 43: *'Tríd na láithreáin stórála $CO_2$ agus aon tionscadal gabhála $CO_2$ nó tionscadail bonneagair $CO_2$ ábhartha a chuireann le sprioc 2030 an Aontais mar thionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta a shainiú, is féidir forbairt láithreán stórála $CO_2$ a luathú agus a éascú, agus is féidir an t-éileamh tionsclaíoch méadaithe maidir le láithreáin stórála a threorú i dtreo na láithreán stórála is costéifeachtaí. Tá méadú ag teacht ar an líon gáscheantar olacheantar atá ag deireadh a saolré táirgthe úsáideach a d'fhéadfaí a thiontú ina láithreáin stórála sábháilte $CO_2$. Anuas air sin, dhearbhaigh an tionscal ola agus gáis a dhiongbháilte atá sé tabhairt faoi aistriú fuinnimh agus tá na sócmhainní, na scileanna agus an t-eolas is gá aige chun láithreáin stórála bhreise a iniúchadh agus a fhorbairt. Chun sprioc an Aontais 50 milliún tona d'acmhainneacht insteallta $CO_2$ bhliantúil oibríochtúil a bhaint amach faoi 2030, ní mór don earnáil a rannchuidiú a chomhthiomsú chun a áirithiú go mbeidh GSC mar réiteach aeráide ar fáil sula dtiocfaidh an t-éileamh. Chun a áirithiú go ndéanfar láithreáin stórála $CO_2$ a fhorbairt ar bhealach tráthúil costéifeachtach ar fud an Aontais i gcomhréir le cuspóir an Aontais maidir le hacmhainneacht insteallta, ba cheart do cheadúnaithe táirgthe ola agus gáis san Aontas rannchuidiú leis an sprioc sin ar bhonn pro rata dá n-acmhainneacht monaraíochta ola agus gáis, agus solúbthacht á soláthar an tráth céanna chun comhoibriú agus chun rannchuidiú eile ó thríú páirtithe a chur san áireamh. Ba cheart cur chuige slabhra luacha a chothú trí ghníomhaíochtaí a dhéantar ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta. Dá réir sin, ba cheart do cheadúnaithe táirgthe ola agus gáis san Aontas na hinfheistíochtaí is gá a dhéanamh agus tacú le samhlacha gnó inmharthana a fhorbairt don slabhra luacha dé-ocsaíde carbóin ina iomláine.'*

chomhlíonadh. Bhí ar na pleananna sin rannchuidiú na n-eintiteas faoi oibleagáid a dheimhniú agus na modhanna agus na garspriocanna chun na rannchuidithe sin a bhaint amach a shonrú.

Tá a bpleananna curtha isteach ag gach ceann de na 44 eintiteas faoi oibleagáid agus measann siad go bhfuil siad faoi rún. Bunaithe ar na pleananna sin a cuireadh isteach in 2025 go dtí seo:


(1) níor dheimhnigh ach 16 de na 44 eintiteas faoi oibleagáid a rannchuidiú le sprioc an Aontais i dtéarmaí thoirt shannta a n-acmhainneachta insteallta $CO_2$ bliantúla atá le cur ar fáil don mhargadh faoi 2030;

(2) níor dheimhnigh aon cheann de na 44 eintiteas faoi oibleagáid a rannchuidiú le sprioc an Aontais i dtéarmaí na hacmhainneachta stórála $CO_2$ iomláine[31] atá le cur ar fáil don mhargadh faoi 2030;

(3) níor shonraigh ach 25 de na 44 eintiteas faoi oibleagáid ina bpleananna na modhanna agus na garspriocanna chun an spriocthoirt a bhaint amach.

Tá modhanna agus garspriocanna na bpleananna difriúil i dtéarmaí ábhair agus mionsonraí de ach is féidir iad a chatagóiriú mar a leanas:

*Fíor 2 – An cineál faisnéise a áirítear sna modhanna agus garspriocanna*




[31] Foráiltear le hAirteagal 20(2) de Rialachán (AE) 2024/1735 go ndearfar gach láithreán stórála chun oibriú ar feadh 5 bliana ar a laghad.

I measc na láithreán stórála a luaitear i bpleananna na 44 eintiteas faoi oibleagáid, luaitear 14 láithreán i roinnt pleananna, a bhfuil a bhformhór lonnaithe san Ísiltír (cúig láithreán) agus sa Danmhairg (ceithre láithreán). Tagraíonn cúig eintiteas faoi oibleagáid do láithreáin stórála atá lonnaithe lasmuigh den Aontas nach féidir a úsáid chun comhlíontacht Rialachán (AE) 2024/1735 a léiriú.

Sonraítear le pleananna 19 de na 44 eintiteas faoi oibleagáid intinn na n-eintiteas a rannchuidiú aonair le hacmhainneacht insteallta bhliantúil an Aontais a chomhlíonadh trí chomhaontuithe a dhéanamh le heintitis eile, agus shonraigh ocht gcinn díobh an t-eintiteas comhfhreagrach freisin.

*Tábla 3 – An acmhainneacht insteallta uasta mheasta a bheidh ar fáil faoi 2030 mar a luaitear i bpleananna na n-eintiteas faoi oibleagáid*

| Suíomh an láithreáin stórála | Acmhainneacht insteallta uasta (i milliún tona $CO_2$ in aghaidh na bliana) |
|---|---|
| an Danmhairg | 11 |
| an Ghréig | 3 |
| an Ungáir | 1 |
| an Iodáil | 4 |
| An Ísiltír | 10 |
| **IOMLÁN** | **29** |

Thagair 26 eintiteas faoi oibleagáid do láithreáin stórála de chuid an Aontais a d'fhéadfadh a bheith ann nó atá ann cheana a d'úsáidfidís chun a rannchuidiú acmhainneachta insteallta a chomhlíonadh. Bheadh acmhainneacht insteallta uasta 29 milliún tona $CO_2$ in aghaidh na bliana faoi 2030 i gceist le suim na dtionscadal stórála sin.

Léiríonn suim na dtionscadal stórála go bhféadfaí 58 % d'acmhainneacht insteallta bhliantúil an Aontais a chur ar fáil d'astaírí tionsclaíocha. Is tionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta iad na tionscadail stórála atá lonnaithe san Aontas, a rannchuidíonn le sprioc bhliantúil an Aontais maidir le hacmhainneacht insteallta agus a bhfuil iarratas déanta ina leith ar chead stórála, mar aon leis na tionscadail ghabhála agus stórála ghaolmhara, agus ba cheart do na Ballstáit tacú leo i gcomhréir le hAirteagail 13, 15 agus 16 de Rialachán (AE) 2024/1735.

Ina bpleananna, sainaithníonn seacht n-eintiteas faoi oibleagáid limistéir ina bhféadfaí láithreáin stórála nua a fhorbairt. Mar sin féin, níor soláthraíodh figiúirí maidir le hacmhainneacht insteallta do na láithreáin nua sin uile. Dá bhrí sin, bunaithe ar na pleananna a soláthraíodh go dtí seo, tá sé róluath fós a mheasúnú an mbeidh láithreáin stórála leordhóthanacha ann chun sprioc bhliantúil an Aontais maidir le hacmhainneacht insteallta a bhaint amach in 2030.

Ceanglaítear le hAirteagal 23(6) de Rialachán (AE) 2024/1735, ón 30 Meitheamh 2026 agus gach bliain ina dhiaidh sin, go gcuirfidh na 44 eintiteas faoi oibleagáid tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn faoi bhráid an Choimisiúin lena mionsonrófar an dul chun cinn atá déanta acu i dtreo a rannchuidiú a chomhlíonadh. Foilseoidh an Coimisiún na tuarascálacha sin.

Sonraítear a thuilleadh le hAirteagal 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1477 ón gCoimisiún nach mór tacar íosta caighdeánach faisnéise ar thionscadail stórála $CO_2$ atá á bhforbairt ag na heintitis faoi oibleagáid, a mhionsonraithe is féidir, ar staid na forbartha, a bheith sna tuarascálacha. Áirítear leis sin suíomh na láithreán stórála ábhartha $CO_2$, an acmhainneacht stórála iomlán a bhfuil coinne léi, an acmhainneacht insteallta bhliantúil a bhfuil coinne léi agus na modhanna iompair $CO_2$ atá beartaithe agus an bonneagar iompair gaolmhar a mbeidh gá leis chun an láithreán a oibriú. Ní mór faisnéis teagmhála a sholáthar leis na tuarascálacha freisin do chustaiméirí stórála ionchasacha agus treochlár mionsonraithe a áireamh leo maidir leis na príomh-gharspriocanna ullmhachta teicniúla agus tráchtála agus na príomhphointí cinnteoireachta, chomh maith leis na rioscaí, na héiginnteachtaí agus na straitéisí maolaithe a mbeadh ar chustaiméirí tráchtála ionchasacha a bheith ar an eolas fúthu chun a gcinntí infheistíochta a chur chun cinn.

## 4.2 Forbhreathnú ar cheadanna agus ar dhréachtcheadanna stórála atá ann cheana

De bhun Airteagal 6(1) de Threoir 2009/31/CE, ní mór do na Ballstáit a áirithiú nach n-oibrítear aon láithreán stórála gan cead stórála. De bhun Airteagal 10(1) de Threoir 2009/31/CE, ní mór do na Ballstáit na hiarratais ar chead a chur ar fáil don Choimisiún freisin laistigh de 1 mhí amháin tar éis dóibh iad a fháil agus an Coimisiún a chur ar an eolas faoi na dréachtcheadanna stórála uile. Leis na forálacha sin, tá an Coimisiún in ann meastachán a dhéanamh ar an acmhainneacht insteallta a mheastar a bheidh ag láithreáin stórála a dhéanann iarratas ar chead stórála. Tá an forbhreathnú sin bunaithe ar cheadanna stórála eisithe agus ar iarratais ar cheadanna a cuireadh ar fáil don Choimisiún faoi dheireadh mhí Feabhra 2026.

Ó mhí an Mhárta 2026, bhí trí láithreán stórála $CO_2$ ceadaithe san Aontas: láithreán Porthos san Ísiltír, láithreán Greensand sa Danmhairg agus láithreán Prinos sa Ghréig. Tá acmhainneacht insteallta mheasta chomhcheangailte 3,54 milliún tona $CO_2$ in aghaidh na bliana ag na saoráidí sin, mar a achoimrítear i dTábla 4 thíos.

*Tábla 4 – Láithreáin stórála $CO_2$ atá ceadaithe san Aontas ó mhí an Mhárta 2026.*

| **Láithreán stórála** | **Ballstát** | **An teacht i bhfeidhm a bhfuil coinne leis** | **Acmhainneacht insteallta mheasta (i milliún tona $CO_2$ in aghaidh na bliana)** |
|---|---|---|---|
| Nini West | an Danmhairg | 2026 | 0,3[32] |
| Prinos | an Ghréig | 2026-2027[33] | 0,74[34] |
| P18-2 agus P18-4 | An Ísiltír | 2026[35] | 2,5[36] |
| | | | **3.54** |

Liostaítear le Tábla 5 tionscadail stórála $CO_2$ a bhfuil iarratas ar chead stórála curtha faoi bhráid údarás inniúil náisiúnta san Aontas acu. Ríomh an Coimisiún na figiúirí maidir leis an acmhainneacht insteallta a bhfuil coinne léi agus ní léirítear leo an acmhainneacht insteallta féideartha le haghaidh gach láithreáin stórála. Go sonrach, áirítear le roinnt figiúirí meánacmhainneacht insteallta uasta, bunaithe ar an uastoirt stórála roinnte ar an tréimhse insteallta a luaitear sa dréachtchead. Ní mór an acmhainneacht insteallta uasta do láithreán ar leith a shonrú sa chead stórála[37] agus d'fhéadfadh méadú teacht uirthi i gcás roinnt láithreáin stórála má mhéadaítear an acmhainneacht agus má leasaítear ceadanna.

D'fhéadfadh tionscadail stórála an Aontais, a bhfuil iarratas ar chead curtha isteach acu, 15,6 milliún tona $CO_2$ a sholáthar in acmhainneacht insteallta, mar a achoimrítear i dTábla 5 thíos.

---

[32] Suíomh gréasáin Ghníomhaireacht Fuinnimh na Danmhairge – Publications, news and analysis on CCS – Decision on approval of storage plan and permission to store carbon dioxide at Nini A (Nini West) offshore Denmark, Licence C2023/01.

[33] Suíomh gréasáin Energean – Prinos $CO_2$.

[34] Bunaithe ar an uastoirt stórála roinnte ar an tréimhse insteallta a luaitear sa dréachtchead stórála. Tá sé beartaithe ag tionscadal Prinos dhá chéim a bheith aige agus 1 mhilliún tona in aghaidh na bliana d'acmhainneacht insteallta uasta sa chéad chéim agus 3 mhilliún tona in aghaidh na bliana sa dara céim. Cumhdaítear Céim 1 leis an gcead, rud a mhíníonn an neamhréireacht le hacmhainneacht insteallta réamh-mheasta na Gréige a luaitear faoi Thábla 1.

[35] Suíomh gréasáin thionscadal Porthos.

[36] Suíomh gréasáin Ghníomhaireacht Fiontraíochta na hÍsiltíre – Cead stórála Porthos.

[37] Sonraítear le hAirteagal 9(3) de Threoir 2009/31/CE go mbeidh '*na ceanglais maidir le hoibríocht stórála, an chainníocht iomlán $CO_2$ atá údaraithe le stóráil go geolaíoch, teorainneacha brú an taiscumair, agus na rátaí agus brúnna insteallta uasta*' ar a laghad sa chead.

*Tábla 5 – Láithreáin stórála ar cuireadh iarratas ar chead stórála isteach ina leith.*

| **Láithreán stórála a bhfuil iarratas á dhéanamh aige ar chead** | **Ballstát** | **An bhliain a mheastar a thiocfaidh sé i bhfeidhm** | **Acmhainneacht insteallta mheasta (i milliún tona $CO_2$ in aghaidh na bliana)** |
|---|---|---|---|
| Nini Main agus East | an Danmhairg | 2029[38] | 0,86[39] |
| Ravenna | an Iodáil | 2030[40] | 3,85[41] |
| L04-A | An Ísiltír | 2029[42] | 1,6[43] |
| L09-FF | An Ísiltír | thart ar 2031[44] | 2,7[45] |
| L10-ALBE | An Ísiltír | 2030[46] | 3,84[47] |
| K14-FAFC | An Ísiltír | 2027[48] | 1,7[49] |
| Q16-FA | An Ísiltír | 2030[50] | 1,03[51] |
| | | | **15.6** |

[38] Mar a luaitear san iarratas ar chead stórála.
[39] Bunaithe ar an uastoirt stórála agus ar an tréimhse insteallta a luaitear san iarratas ar chead stórála.
[40] Mar a luaitear san iarratas ar chead stórála.
[41] Bunaithe ar an uastoirt stórála agus ar an tréimhse insteallta a luaitear san iarratas ar chead stórála.
[42] Mar a luaitear san iarratas ar chead stórála.
[43] Bunaithe ar an uastoirt stórála agus ar an uastréimhse insteallta a luaitear sa dréachtchead stórála.
[44] Mar a luaitear san iarratas ar chead stórála.
[45] Bunaithe ar an uastoirt stórála agus ar an tréimhse insteallta a luaitear san iarratas ar chead stórála.
[46] Mar a luaitear san iarratas ar chead stórála.
[47] Bunaithe ar an uastoirt stórála agus ar an tréimhse insteallta a luaitear san iarratas ar chead stórála.
[48] Mar a luaitear san iarratas ar chead stórála.
[49] Bunaithe ar an uastoirt stórála roinnte ar an tréimhse insteallta a luaitear sa dréachtchead.
[50] Suíomh gréasáin ONE-Dyas – Stóráil $CO_2$.
[51] Bunaithe ar an uastoirt stórála agus ar an tréimhse insteallta a luaitear san iarratas ar chead stórála.

## 4.3 Tionscadail stórála an Aontais a aithnítear mar thionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta

Foráiltear le hAirteagal 13(3) de Rialachán (AE) 2024/1735: '*Aithneoidh na Ballstáit tionscadail stórála $CO_2$ lena gcomhlíontar na critéir seo a leanas ar fad mar thionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta:*

*(a) tá an láithreán stórála $CO_2$ lonnaithe i gcríoch an Aontais, ina limistéir eacnamaíocha eisiacha nó ar a scairbh ilchríochach de réir bhrí Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige;*

*(b) leis an tionscadal stórála $CO_2$, rannchuidítear le baint amach an chuspóra a leagtar amach in Airteagal 20;*

*(c) tá iarratas ar chead déanta ag an tionscadal stórála $CO_2$ chun $CO_2$ a stóráil go geolaíoch, agus go slán, buan, i gcomhréir le Treoir 2009/31/CE*

*Aon tionscadal gabhála $CO_2$ a bhaineann le tionscadal stórála $CO_2$ lena gcomhlíontar na critéir dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus aon tionscadal bonneagair $CO_2$ is gá lena mbaineann chun $CO_2$ gafa a iompar, aithneofar é mar thionscadal straitéiseach glan-nialasachta'.*

Ó mhí Feabhra 2026, tá na tionscadail stórála $CO_2$ seo a leanas aitheanta ag na Ballstáit mar thionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta:

- Láithreán stórála thionscadal ACCSION (an Danmhairg)
- Láithreán stórála ANRAAV-CCUS (an Bhulgáir)
- Láithreán stórála féideartha faoi $CO_2$ Hub Northern Denmark (an Danmhairg)
- $CO_2$ Storage Kalundborg (an Danmhairg)
- Láithreán stórála Greenstore (an Danmhairg)
- Láithreáin stórála P18-2 agus P8-4 (an Ísiltír)
- Láithreáin stórála K14, L04-A agus L10 (an Ísiltír).

Ní áirítear leis an liosta sin gach tionscadal stórála san Aontas a mheastar a rannchuideoidh le sprioc bhliantúil an Aontais maidir le hacmhainneacht insteallta. Ba cheart do na Ballstáit tionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta a aithint go práinneach chun dlús a chur le luas chur in úsáid na dtionscadal agus chun sprioc bhliantúil an Aontais maidir le hacmhainneacht insteallta a bhaint amach.

# 5 TACAÍOCHT FAOI CHLÁIR CHISTIÚCHÁIN AN AONTAIS AGUS FAOI CHLÁIR CHISTIÚCHÁIN NÁISIÚNTA

## 5.1 Ranníocaíocht an Chiste don Nuálaíocht

Ó mhí an Mhárta 2026, tacaíonn an Ciste don Nuálaíocht le 60 tionscadal gabhála, iompair agus stórála nó úsáide $CO_2$ agus thart ar EUR 6,65 billiún de chistiú deontais geallta. Cistítear acmhainneacht insteallta $CO_2$ go díreach le EUR 630 milliún i gcistiú deontais do shé thionscadal stórála $CO_2$ agus slabhra iomláin GSC agus meastar go dtiocfaidh siad i bhfeidhm faoi 2030[52]. Meastar go soláthrófar leis na tionscadail sin, a liostaítear faoi Thábla 6, thart ar 7 milliún tona d'acmhainneacht insteallta $CO_2$ nó 20 % de sprioc bhliantúil an Aontais maidir le hacmhainneacht insteallta.

Ba cheart 25,3 milliún tona $CO_2$ in aghaidh na bliana in acmhainneacht insteallta i láithreáin stórála a bheith ag teastáil ó 33 thionscadal gabhála $CO_2$ a chistítear faoi phunann an Chiste don Nuálaíocht nó 50 % den éileamh ar sprioc bhliantúil an Aontais maidir le hacmhainneacht insteallta. Ó bhí 2020 ann, tá iarratas déanta ag níos mó ná 100 tionscadal gabhála $CO_2$ san iomlán ar thacaíocht ón gCiste don Nuálaíocht. Faoi na tionscadail sin, ghabhfaí níos mó ná 80 milliún tona in aghaidh na bliana lena stóráil go buan san Aontas.

[52] Áirítear leo sin tionscadail a bhfuil deontais shínithe ag gabháil leo agus tionscadail ar tugadh cuireadh dóibh comhaontú deontais a ullmhú. Ba cheart do na sé thionscadal slabhra iomláin GSC agus stórála $CO_2$ de chuid an Chiste don Nuálaíocht rannchuidiú go díreach le láithreáin stórála a fhorbairt san Aontas faoi 2030: ANRAV-CCUS, Danube Removals, Greensand Future, HuCCSar, LaunchStores agus TarraCO2-Storage. Tá tuairisc ar thionscadail an Chiste don Nuálaíocht le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

*Tábla 6 – Tionscadail a roghnaíodh faoin gCiste don Nuálaíocht (lena n-áirítear tionscadail phíolótacha agus tionscadail ar tugadh cuireadh dóibh comhaontú deontais a ullmhú) agus a rannchuidíonn le sprioc bhliantúil an Aontais maidir le hacmhainneacht insteallta trí shaoráidí stórála a chistiú go díreach.*

| Tionscadal | Ballstát | An bhliain a mheastar a thiocfaidh sé i bhfeidhm | Acmhainneacht insteallta mheasta (i milliún tona $CO_2$ in aghaidh na bliana) |
|---|---|---|---|
| ANRAV-CCUS | an Bhulgáir | 2028 | 0.78 |
| Danube Removals | an Ungáir | 2027 | 0.57 |
| Greensand Future | an Danmhairg | 2025 | 0.3 |
| HuCCSar | an Pholainn | 2028 | 0.005 |
| LaunchStores | An Ísiltír | 2029 | 3,3[53] |
| TarraCO$_2$-Storage | an Spáinn | 2030 | 2 |
| | | | **7** |

[53] Suíomh gréasáin thionscadal LaunchStores. Cumhdaítear dhá láithreán stórála $CO_2$ amach ón gcósta le LaunchStores: L04-A agus K14-FAFC. Is éard atá san fhigiúr sin an uastoirt stórála roinnte ar an tréimhse insteallta a luaitear i ndréachtcheadanna stórála L04-A agus K14-FAFC (féach Tábla 5). Tá an tionscadal beartaithe le haghaidh acmhainneacht insteallta uasta 5 mhilliún tona $CO_2$ in aghaidh na bliana agus meánacmhainneacht insteallta 3,3 milliún tona $CO_2$ in aghaidh na bliana.

## 5.2 Ranníocaíocht na Saoráide um Chónascadh na hEorpa le haghaidh Fuinnimh

Idir 2014 agus 2024, d'iarr tionscadail líonra $CO_2$ thart ar EUR 2,7 billiún de chistiú iomlán faoi ghlaonna na Saoráide um Chónascadh na hEorpa le haghaidh Fuinnimh. Bhí méid iomlán an chistithe a bhí tiomnaithe do thionscadail, le haghaidh staidéar nó oibreacha cur in úsáid, ag a raibh comhaontú deontais sínithe sa tréimhse sin níos mó ná EUR 974 mhilliún thar 20 tionscadal bonneagair iompair agus stórála $CO_2$.

- Faoi ghlao 2021, rinne tionscadail iarratas ar EUR 10.6 milliún agus bronnadh EUR 4.2 milliún orthu.
- Faoi ghlao 2022, rinne tionscadail iarratas ar EUR 355 mhilliún san iomlán agus bronnadh EUR 159 milliún orthu.
- Faoi ghlao 2023, rinne tionscadail iarratas ar EUR 941 mhilliún san iomlán agus bronnadh EUR 480 milliún orthu.
- Faoi ghlao 2024, rinne tionscadail iarratas ar EUR 1,1 billiún san iomlán agus bronnadh thart ar EUR 250 milliún orthu.

## 5.3 Ranníocaíocht na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta

Tacóidh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta leis an gcéad chéim de thionscadal stórála Prinos atá lonnaithe i dtuaisceart na Gréige. Dá bhrí sin, rannchuideoidh an clár sin le sprioc bhliantúil an Aontais maidir le hacmhainneacht insealllta a bhaint amach.

## 5.4 Ranníocaíocht an chláir Fís Eorpach

Le Braisle 5 maidir leis an Aeráid, Fuinneamh agus Soghluaisteacht den chlár Fís Eorpach, cistíodh 11 thionscadal bainistithe carbóin thionsclaíoch idir 2021 agus 2024 ar mhéid iomlán EUR 141,5 milliún. Tá sé beartaithe le Braisle 5, trína Chláir Oibre le haghaidh 2025 agus 2026-2027, 20 tionscadal bainistithe carbóin thionsclaíoch a chistiú le EUR 126 mhilliún.

## 5.5 Ranníocaíocht ó na Ballstáit

Tá ról fíor-riachtanach ag cistiú na mBallstát maidir le hinmharthanacht airgeadais thionscadail GSC a áirithiú. Ba éard a bhí i gcistiú na mBallstát 14 % den sciar d'infheistíocht phoiblí taighde, forbartha agus nuála i dteicneolaíochtaí GÚSC in ECFE le haghaidh na tréimhse ó 2014 go 2024[54]. Léirítear le trí shampla an tábhacht a bhaineann le tacaíocht na mBallstát do chur in úsáid GSC.

[54] An Fhaireachlann um Theicneolaíocht Fuinnimh Ghlain: Gabháil, Úsáid agus Stóráil Carbóin san Aontas Eorpach – Tuarascáil Stádais 2024 maidir le Forbairt Teicneolaíochta, Treochtaí, Slabhraí Luacha agus Margaí – Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh.

Tá an Danmhairg ag tacú le cur in úsáid GSC trí thrí chlár cistiúcháin: Ciste GÚSC (8,6 billiún kroner na Danmhairge (DKK) nó EUR 1,15 billiún[55]), Ciste Astaíochtaí Diúltacha GSC (DKK 2,6 billiún nó EUR 348 milliún) agus Ciste GSC (DKK 26,8 billiún nó EUR 3,7 billiún) le haghaidh imchlúdach cistiúcháin iomlán de thart ar DKK 38 mbilliún nó EUR 5,1 billiún.

Sa Fhrainc, is é an príomhchlár cistiúcháin chun tacú le tionscadail GSC 'Appel d'offres – Grands Projets Industriels de Décarbonation' atá oscailte do thionscadail dícharbónaithe thionsclaíoch anmhór do ghléasraí a oibríonn faoi CTA AE[56]. Tá an clár oscailte do theicneolaíochtaí eile seachas GSC agus tá buiséad iomlán EUR 1 bhilliún aige.

San Ísiltír, tacaíonn clár fóirdheontais SDE++ le tionscadail GSC. Ba é an cistiú uasta a bhí ar fáil le haghaidh tionscadail GSC idir 2020 agus 2023 EUR 2,1 billiún in 2020, EUR 6,7 billiún in 2021 agus EUR 2 bhilliún in 2023. Léirítear leis na figiúirí sin an t-uasmhéid fóirdheontais a fhéadfaidh tionscadail GSC a fháil thar thréimhse 15 bliana. Braitheann an cistiú iarbhír ar an difríocht idir costas na dtionscadal agus praghas CTA AE agus meastar go mbeidh sé níos ísle.

---

[55] an Banc Ceannais Eorpach; Baile; Staitisticí; Ráta malairte EUR/DKK ón 26 Samhain 2025.
[56] Aireacht Eacnamaíochta agus Airgeadais na Fraince; Accueil; Espace entreprises; Appels à projets et à manifestations d'intérêt Grands projets industriels de décarbonation 2024.

## 6 STAID NA hIMEARTHA IN 2025 AGUS NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Go hachomair, tá níos mó ná 20 tionscadal stórála $CO_2$ á bhforbairt san Aontas faoi láthair. Eisíodh ceadanna stórála cheana féin do láithreán Greensand sa Danmhairg, do láithreán Porthos san Ísiltír agus do láithreán Prinos sa Ghréig. Tá seacht dtionscadal stórála $CO_2$ breise i mbun iarratas a dhéanamh ar chead stórála san Aontas. Ar an iomlán, d'fhéadfadh na láithreáin sin níos mó ná **19 milliún tona in aghaidh na bliana** a chur le hacmhainneacht insteallta $CO_2$. Tá coinne leis go ndéanfaidh tuilleadh tionscadal iarratas ar cheadanna stórála sna blianta amach romhainn.

Léiríodh leis na PNFAnna athbhreithnithe go bhféadfadh tionscadail gabhála $CO_2$ atá ar eolas sna Ballstáit a bheith cothrom le **35 mhilliún tona** $CO_2$ ar a laghad in aghaidh na bliana faoi 2030 agus acmhainneacht insteallta iomlán de **27,1 milliún tona** $CO_2$ in aghaidh na bliana acu faoi 2030. In 2024, tuairiscíodh figiúirí ní b'airde i dtuarascálacha Airteagal 21 ó na Ballstáit. Léiríodh leis na tuarascálacha sin go bhféadfadh tionscadail stórála san Aontas **suas le 33,1 milliún tona** $CO_2$ in aghaidh na bliana in acmhainneacht insteallta a fhorbairt faoi 2030.

Is é **29 milliún tona ar a mhéad** in acmhainneacht insteallta $CO_2$ figiúirí comhiomlánaithe maidir le hacmhainneacht insteallta na dtionscadal stórála ar a dtugtar tuairisc i bpleananna na 44 eintiteas faoi oibleagáid i mí an Mheithimh 2025.

Tacaítear leis an éileamh féideartha sin leis an gCiste don Nuálaíocht agus tá **25,3 milliún tona** in aghaidh na bliana i $CO_2$ gafa i gceist leis. Ó bhí 2020 ann, áfach, rinne níos mó ná 100 tionscadal gabhála $CO_2$ aonair atá lonnaithe in LEE iarratas ar an gCiste don Nuálaíocht gan iad a bheith roghnaithe. Le chéile, bheadh toirteanna gabhála de **níos mó ná 80 milliún tona** $CO_2$ in aghaidh na bliana i gceist leis na tionscadail bhreise sin agus bheadh acmhainneacht insteallta chomhfhreagrach ag teastáil ina leith. Ní mór dlús a chur le forbairt tionscadal stórála $CO_2$ san Aontas chun freastal ar an éileamh ó astaírí tionsclaíocha agus chun sprioc bhliantúil an Aontais maidir le hacmhainneacht insteallta a bhaint amach.

Ní mór do na Ballstáit aon tionscadal stórála CO2 atá lonnaithe san Aontas agus a rannchuidíonn le sprioc bhliantúil an Aontais maidir le hacmhainneacht insteallta – mar aon le gabháil ghaolmhar $CO_2$ agus bonneagar iompair gaolmhar $CO_2$ – a aithint mar thionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta faoi Airteagal 13(3) de Rialachán (AE) 2024/1735. Ba cheart d'astaírí tionsclaíocha atá ag smaoineamh ar GSC a úsáid mar chonair dícharbónaithe a n-údaráis náisiúnta a chur ar an eolas, ionas gur féidir a n-éileamh acmhainneachta insteallta a áireamh i dtuarascálacha bliantúla na mBallstát. A luaithe a aithnítear iad mar thionscadal straitéiseach glan-nialasachta, ní mór an stádas den tábhacht náisiúnta is airde is féidir a thabhairt do na tionscadail sin agus ní mór caitheamh leo dá réir sin sna próisis deonaithe ceadanna. Ní mhairfidh an próiseas deonaithe ceadanna níos faide ná 18 mí i gcás na gceadanna uile is gá chun láithreán stórála a oibriú i gcomhréir le Treoir 2009/31/CE, faoi Airteagal 16 de Rialachán AE 2024/1735.

Ceanglaítear le hAirteagal 6(7) de Rialachán 2024/1735 nach mór do na Ballstáit acmhainní leordhóthanacha daonna, airgeadais agus teicniúla a sholáthar do gach údarás inniúil agus do gach

pointe teagmhála aonair chun próisis chuíchóirithe deonaithe ceadanna a áirithiú le haghaidh tionscadail gabhála agus stórála carbóin.

# 7 CONCLÚID

Tá dul chun cinn tapa á dhéanamh ag go leor tionscadal stórála $CO_2$ ar fud an Aontais agus meastar go rannchuideoidh siad le sprioc bhliantúil an Aontais maidir le hacmhainneacht insteallta a bhaint amach. Meastar go dtiocfaidh méadú mear ar an acmhainneacht stórála sna míonna agus sna blianta amach romhainn. Tá gá fós le hobair mhór ó na gníomhaithe uile, go háirithe ó na 44 eintiteas faoi oibleagáid, chun sprioc bhliantúil an Aontais maidir le hacmhainneacht insteallta a bhaint amach. Tá an sprioc sin réalaíoch agus uaillmhianach araon. Is féidir í a bhaint amach má fhorbraítear tionscadail stórála ar luas éifeachtúil.

Tá formhór na láithreán stórála atá beartaithe fós dírithe ar limistéar na Mara Thuaidh, agus tá roinnt Ballstát i nDeisceart agus in Oirthear na hEorpa ag iarraidh láithreáin gabhála $CO_2$ agus láithreáin stórála $CO_2$ araon a fhorbairt. Ní shonraítear go fóill sna pleananna a sheol na 44 eintiteas faoi oibleagáid figiúirí nua maidir le hacmhainneacht insteallta a bhaineann le láithreáin stórála nua. I gcás tionscal agus infheisteoirí, tá sé ríthábhachtach go gcuirfear feabhas ar thuairisciú ó na Ballstáit agus ó na heintitis faoi oibleagáid chun léargas níos fearr a fháil agus chun tacú le hinfheistíochtaí in acmhainneacht gabhála $CO_2$ agus i mbonneagar iompair $CO_2$. Ó mhí an Mheithimh 2026 ar aghaidh, le hAirteagal 23(6) de Rialachán (AE) 2024/1735, ceanglófar ar na 44 eintiteas faoi oibleagáid tuairisciú a dhéanamh gach bliain ar an dul chun cinn i dtreo a rannchuidithe leis an gCoimisiún. Beidh ar na tuarascálacha sin tuairisc a thabhairt, a mhionsonraithe is féidir, ar staid forbartha na láithreán stórála agus cuirfidh an Coimisiún ar fáil go poiblí iad.

Faoi mhí an Mheithimh 2026, ní mór do na Ballstáit pionóis a bheidh éifeachtach, chomhréireach agus athchomhairleach a leagan síos is infheidhme maidir le sáruithe ag na 44 eintiteas faoi oibleagáid maidir lena n-oibleagáidí rannchuidiú le sprioc bhliantúil an Aontais maidir le hacmhainneacht insteallta, faoi Airteagal 23(13) de Rialachán (AE) 2024/1735. Leis na pionóis sin, dreasófar na 44 eintiteas faoi oibleagáid chun tionscadail stórála $CO_2$ nua a fhorbairt san Aontas agus chun an phíblíne tionscadal atá ann cheana a chomhlánú. Le rannchuidiú agus tuairisciú sainordaitheach na 44 eintiteas sin faoi oibleagáid, soláthrófar conair thrédhearcach do thionscail maidir leis an soláthar acmhainneachta stórála agus insteallta $CO_2$ atá beartaithe agus cuirfear bonn eolais faoi chinntí maidir le gabháil agus stóráil carbóin a úsáid. Beidh gá le bearta breise ar an leibhéal náisiúnta, amhail scéimeanna cistiúcháin dícharbónaithe thionsclaíoch, chun tacú a thuilleadh le tionscadail láithreáin stórála a fhorbairt agus chun rannchuidiú le sprioc bhliantúil an Aontais maidir le hacmhainneacht insteallta a bhaint amach.

Faoin 30 Meitheamh 2027, tuairisceoidh an Coimisiún ar an dul chun cinn sna Ballstáit (Airteagal 21) agus ag eintitis faoi oibleagáid (Airteagal 23(6)). Ar an mbonn sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú freisin, i measc nithe eile, ar staid an mhargaidh i ndáil le hacmhainneacht insteallta, soláthróidh sé forbhreathnú ar raon geografach na láithreán stórála atá beartaithe, agus déanfaidh sé measúnú i dtaobh an gá cuspóir a thabhairt isteach le haghaidh 2040 nó níos luaithe más gá, faoi Airteagal 20(3) de Rialachán (AE) 2024/1735.